

Clár Sparánachta Choláiste na Rinne

Coláiste na Rinne Bursary Programme

Tá Coláiste na Rinne tiomanta do rochtain ar Scoil na Leanaí / Idirbhliain a leathnú trí chúnamh airgeadais leis an táille a thairiscint, de réir tástála acmhainne, do thuismitheoirí incháilithe.

Sparánacht a thugtar ar chúnamh airgeadais den sórt seo. Is éard atá i gceist leis an sparánacht seo ná laghdú ar tháillí suas le 75%. Braitheann leibhéal na sparánachta ar chúinsí airgeadais na n-iarratasóirí.

Bronntar sparánachtaí de réir rogha an Fhochoiste Airgeadais, a dhéanfaidh measúnú ar iarratas i ndáil le cúinsí airgeadais agus eile teaghlaigh (m.sh. a gcoigilteas, infheistíochtaí, agus sócmhainní inréadaithe, chomh maith lena ioncam, méid a dteaghlaigh, aon chleithiúnaí eile, caiteachas míosúil, agus aon fhachtóirí ábhartha eile).

Is carthanacht é Coláiste na Rinne agus tagann an maoiniú don chúnamh airgid ó thabhartais agus ó bhuiséad oibriúcháin bliantúil an Choláiste. Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go leithdháiltar na cistí teoranta atá ar fáil go freagrach, agus breithniú críochnúil a dhéanamh ar chúinsí gach teaghlach. Ba chóir a thabhairt faoi ndeara nach bhfuil dóthain airgid ag Coláiste na Rinne chun gach iarratas ar sparánachtaí a shásamh.

Is féidir le thuismitheoirí, nach bhfuil in ann an táille iomlán a íoc, iarratas a dhéanamh ar sparánacht. Féadfaidh sparánacht a bhronntar a bheith idir 5% agus 75% den táille. Féadfar sceideal íocaíochta a thairiscint chun brú ar bhuiséad a laghdú.

Coláiste na Rinne is committed to broadening access to Scoil na Leanaí / Transition Year by offering eligible parents means-tested financial assistance with the payment of fees.

Such financial assistance is known as a bursary. A bursary is a reduction of fees up to 75%. The level of bursary award depends on the financial circumstances of the applicants.

Bursaries are awarded at the discretion of the Finance Subcommittee, which will calculate an award in relation to a family's financial and other circumstances (e.g. their savings, investments, and realisable assets, as well as their income, the size of their family, any other dependants, monthly outgoings, and any other relevant factors).

Coláiste na Rinne is a charity and the funds for financial assistance come from donations and the Coláiste's annual operating budget. It is therefore extremely important that the limited funds available are allocated responsibly, with thorough consideration of each family's circumstances. It should be noted that Coláiste na Rinne does not have sufficient funds to satisfy all bursary applications received.

Parents who are unable to fund the fees in full may apply for a bursary. A bursary award may vary between 5% and 75% of the fee. An extended payment schedule may also be offered to ease the burden on a family budget.

Treoir maidir le iarratas ar sparánacht

Sula gcuirfear Foirm Iarratais Sparánachta isteach, beidh Foirm Iarratais don Chúrsa agus Foirm Sláinte ag teastáil.

Cuirfidh oifig an Choláiste spriocdháta chun Foirm Iarratais Sparánachta a chur isteach in iúl do thuismitheoirí scoláire(i) cláraithe.

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha.

I gcás tuismitheoirí colscartha nó idirscartha, ní mór do gach tuismitheoir a bhfuil freagracht tuismitheora orthu as an scoláire Foirm Iarratais Sparánachta a chomhlánú beag beann ar a ranníocaíocht reatha i leith costais oideachais nó costais mhaireachtála an scoláire. Fanfaidh iarratas ó thuismitheoir amháin faoi rún agus ní roinnfear é leis an tuismitheoir eile. Má tá freagracht aonair ag tuismitheoir amháin trí ordú cúirte ní mór fianaise ar seo a sholáthar.

Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu ar sparánacht, comhaontaíonn tuismitheoirí sonraí airgeadais agus pearsanta a sholáthar (lena n-áirítear sonraí pearsanta íogaire b'fhéidir) faoina gcúinsí airgeadais agus teaghlaigh. Ní phróiseálfar na sonraí seo ach chun críocha cinní a dhéanamh maidir le hiarratais ar sparánachtaí.

Bronntar sparánachtaí faoi rogha an Fhochoiste Airgeadais agus is cinneadh críochnaitheach gach cinneadh. Baineann sparánachtaí leis an táille amháin, agus fanann gach costas eile, an éarlais san áireamh, gan athrú.

Agus iarratas á dhéanamh ar sparánacht, ní mór do thuismitheoirí aontú faisnéis iomlán agus chruinn a nochtadh faoina gcúinsí airgeadais ionas gur féidir leis an bhFochóiste Airgeadais cinneadh ceart eolasach a dhéanamh maidir le gach cás. Má aimsítear aon neamhnochtadh ina

Guidance regarding application for a bursary

Prior to submitting a Bursary Application Form, a Course Application Form and Health Form will be required.

The deadline for the submission of the Bursary Application Form will be notified to parents of a registered student(s) by the Coláiste office.

Late applications will not be considered.

In the case of divorced or separated parents, all parents who have parental responsibility for the applicant must complete a Bursary Application Form regardless of their current contribution to the applicant's educational costs or living expenses. An application from one parent will remain confidential and will not be shared with the other parent. If one parent has sole responsibility through a court order then evidence of this must be provided.

When making an application for a bursary, parents agree to provide financial and personal data (including possibly sensitive personal data) about their financial and family circumstances. We process this data only for the purposes of making decisions about bursary applications.

Bursaries are awarded at the discretion of the Finance Subcommittee and all decisions are final. Bursaries relate to the fee only, all other costs including the deposit remain unchanged.

In applying for a bursary, parents must agree to disclose full and accurate information about their financial circumstances so that the Finance Subcommittee can make a proper and informed decision in respect of each case. Subsequent discovery of any non-disclosure will result in any award being withdrawn.

dhiaidh sin, tarraingeofar siar aon sparánacht atá bronnta.

Tá an Riarthóir Airgeadais freagrach, i gcomhairle leis an bhFochoiste Airgeadais, as bainistiú agus comhordú an phróisis trína ndéantar iarratais ar sparánachtaí a mheas.

Céim a hAon: Beidh ar thuismitheoirí atá ag lorg cúnamh airgeadais Foirm Iarratais Sparánachta a chomhlánú. Tá an fhoirm seo ceaptha lena fháil amach an bhfuil dóthain acmhainní ag an teaghlach chun an táille iomlán, cuid de, nó méid ar bith a íoc. Ní mór fianaise iomlán doiciméadach maidir le sócmhainní, iasachtaí, ioncaim agus caiteachais, a bheith in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe, mar aon leis an bhfianaise doiciméadach riachtanach ar fad, a chur faoi bhráid an Riarthóra Airgeadais. Is féidir tuilleadh eolais nó doiciméadúcháin a iarraidh ar thuismitheoirí. Tá an fhoirm iarratais deartha chun forbhreathnú cuimsitheach agus mionsonraithe a sholáthar ar staid airgeadais teaghlaigh. Tá sé tábhachtach go mbeadh teaghlaigh macánta agus oscailte faoina gcúinsí, agus go nochtfaidh siad an fhaisnéis ábhartha go hiomlán. Má bhíonn cúis ag an bhFochoiste Airgeadais a chreidiúint gur choimeád tuismitheoir faisnéis siar nó gur sholáthair sé nó sí faisnéis mhíthreorach ar chúis ar bith, ní bhronnfar aon chúnamh airgeadais. Tá an Riarthóir Airgeadais ar fáil chun tacaíocht a sholáthar trí ríomhphost, mary@anrinn.com agus ar an teileafón (058) 46128.

Céim a Dó: Comhordaíonn an Riarthóir Airgeadais an fhaisnéis go léir maidir le hiarratas. Ullmhaítear moladh tosaigh lena bhreithniú ag an bhFochoiste Airgeadais. Pléann an Fochoiste Airgeadais an t-iarratas ina iomláine agus déantar cinneadh deiridh.

The Financial Administrator is responsible, in conjunction with the Finance Subcommittee, for the management and coordination of the process by which bursary applications are considered.

Step One: Parents seeking financial assistance will be required to complete a Bursary Application Form. This form is intended to establish whether the household has sufficient means to pay all, some, or none of the required fees. The form, which requests details of assets, borrowings, income and expenditure, must be accompanied by full documentary evidence to support the application. The completed form, together with all the necessary documentary evidence, must be submitted to the Financial Administrator. Further clarification or documentation may be requested from parents. The application form is designed to provide a comprehensive and detailed overview of a family's financial situation. It is important that families are honest and open about their circumstances, and fully disclose all relevant information. If the Finance Subcommittee have reason to believe a parent has withheld or provided misleading information for whatever reason, no financial assistance will be awarded. The Financial Administrator is available to provide support by email, mary@anrinn.com and telephone (058) 46128.

Step Two: The Financial Administrator collates all the information about an application. An initial recommendation is prepared for consideration by the Finance Subcommittee. The application is discussed in full by the Finance Subcommittee and a final decision is made.

Céim a Trí: Cuirtear cinneadh an Fhochoiste Airgeadais in iúl i scríbhinn do thuismitheoirí na scoláirí a dtairgtear áit dóibh sa Choláiste. Tabhair faoi deara go bhfuil teorainn le hacmhainní an Choláiste agus nach féidir gach iarratas a cheadú. Ní gá go léiríonn diúltú nach gcáilíonn iarratasóir do thacaíocht faoi na critéir incháilitheachta.

Céim a Ceathair: Ní mór do thuismitheoirí a dtairgtear sparánacht dóibh a dheimhniú go nglacfar leis tríd an éarlais a íoc.

An Cás do Chúnamh

Bíonn roinnt fachtóirí curtha san áireamh ag an bhFochóiste Airgeadais agus cinneadh á dhéanamh maidir le sparánacht a bhronnadh.

Ní bhíonn tionchar ag cumas acadúil an scoláire ar leibhéal na sparánachta a bhronntar ach méid an riachtanais airgeadais.

Déantar gach cás a mheas ar a thuillteanas féin agus molann an Riarthóir Airgeadais an leibhéal sparánachta a theastaíonn chun go mbeidh an scoláire in ann teacht chuig an gColáiste.

Tá dualgas ar an gColáiste a chinntiú go leithdháiltear a chuid airgid carthanachta go cuí. Beidh an Fochóiste Airgeadais ag súil go ndéanfaidh teaghlaigh cinní airgeadais ciallmhara maidir le caiteachas eile atá ag teacht le cistí carthanúla a fháil.

Chomh maith le tuilleamh agus caiteachas reatha, áireofar fachtóirí eile agus an leibhéal sparánachta a theastaíonn a mheas:

Step Three: The parents of students who are offered a place at the Coláiste are notified in writing of the Finance Subcommittee's decision. Please note the Coláiste's resources are finite and that it is not possible to approve all applications. Therefore, a refusal does not necessarily indicate that an applicant does not qualify for support under the eligibility criteria.

Step Four: Parents offered a bursary are required to confirm acceptance by paying the deposit.

The Case for Assistance

The Finance Subcommittee considers a number of factors when making the decision about whether to make a bursary award.

The level of the bursary required is not influenced by the academic ability of the student but by the extent of financial need.

Each case is assessed on its own merits and the Financial Administrator recommends the level of award required to enable the student to come to the Coláiste.

The Coláiste has a duty to ensure that its charitable monies are allocated appropriately. The Finance Subcommittee will expect families to make judicious financial decisions regarding other commitments that are consistent with the receipt of charitable funds.

As well as current earnings and expenditure, other factors which will be considered in determining the level of award required will include:

Bheifí ag súil go n-úsáidfí deiseanna chun aon choigiltis agus infheistíochtaí suntasacha a úsáid chun táillí a íoc, mar a bheadh i gcás luachanna cothromais suntasacha i réadmhaoin.

Sa chás go bhfuil táillí á n-íoc le scoileanna (nó ollscoileanna) eile cuirfimid an caiteachas seo san áireamh. Táthar ag súil go mbeidh iarratais ar sparánachtaí nó iasachtaí ollscoile déanta, nuair is féidir, chuig forais oideachais eile maidir le siblínní d'fhonn ualach na dtáillí oideachais a roinnt.

Measann an Coláiste go bhféadfadh sé nach bhfuil na nithe seo a leanas, mar shampla, ag teacht le sparánacht a fháil:

- Laethanta saoire costasacha nó minic,
- Socruithe costasacha maidir le maoiniú gluaisteán,
- An dara teach/seilbh talún,
- Teip íocaíochtaí a dhéanamh i leith táillí iníoctha le forais oideachais eile.

Ní mór do thuismitheoirí dearbhú a shíniú ag fógairt go bhfuil an t-eolas atá curtha isteach acu lena n-iarratas ar sparánacht iomlán agus cruinn.

Ní gá go gcintíonn bronnadh sparánachta do scoláire amháin go mbeidh bronnadh déanta i gcás siblín ar mhaith leo freastal ar an gColáiste ina dhiaidh sin. Déanfar measúnú ar gach iarratas ag an am cuí. Is féidir le thuismitheoirí glacadh leis, áfach, nach n-athróidh luach an méid atá bronnta ó bhliain go bliain mura bhfuil athrú shuntasach ar a stádas airgeadais.

Opportunities to release any capital: Significant capital savings and investments would be expected to be used for the payment of fees, as would significant equity values in properties.

Where fees are being paid to other schools (or universities) we will take these outgoings into account. There is an expectation that applications for bursaries or university loans will have been made, where possible, to other educational establishments in respect of siblings so that the burden of educational fees is shared.

The Coláiste considers that the following, for example, may not be consistent with the receipt of a bursary:

- Frequent or expensive holidays,
- Expensive car financing arrangements,
- A second property/land holding,
- Failure to honour payments in respect of fees payable to other educational establishments.

Parents are required to sign a declaration confirming that the information they have submitted in connection with their bursary application is complete and accurate.

An award of financial assistance to one student does not necessarily guarantee awards to siblings subsequently admitted to the Coláiste. Each application will be assessed at the relevant time. However, parents can assume that an award will not change from year to year unless there has been a significant change in their finances.

Rúndacht

Tá meas ar rúndacht na Sparánachtaí a thugtar do theaghlaigh agus ní nochtfaidh an Coláiste bronnadh den sórt sin do thríú páirtithe gan cead na bhfaighteoirí.

Aithnímid gur mian le go leor teaghlaigh a sparánacht a choinneáil faoi rún. Ní eolas coiteann é sealbhóirí sparánachtaí; go deimhin fágaimid faoi na tuismitheoirí é insint don pháiste nó gan é a insint di/dó.

Coinnítear aon fhaisnéis airgeadais a chuirtear isteach go slán agus ní roinntear é lasmuigh den Riarthóir Airgeadais agus baill an Fhochoiste Airgeadais.

Confidentiality

The confidentiality of Bursary awards made to families is respected and the Coláiste will not disclose such awards to third parties without the permission of the recipients.

We recognise and respect that many families wish to keep their bursary awards confidential. The identity of bursary award holders is not common knowledge. We leave it down to the parents whether or not to tell their child themselves.

Any financial information you submit is held securely and not shared with anyone other than the Financial Administrator and members of the Finance Subcommittee.